Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0014 (COD)**

**8499/18**
**ADD 1**

**CODEC 665**
**ENT 81**
**MI 304**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 715/2007 agus Rialachán CE Uimh 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE AGUS ÓN LAITVIA

Aontaíonn Poblacht na Seice agus an Laitvia go hiomlán gur gá an creat i gcomhair cineálcheadú mótarfheithiclí, agus i gcomhair na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta don tsláinte agus don chomhshaol a áirithiú.

Tacaíonn Poblacht na Seice agus an Laitvia le cuspóirí agus prionsabail an Rialacháin nua amhail faireachas margaidh éifeachtúil, nós imeachta cosanta agus nós imeachta aisghlaoite atá soiléir agus comhchuibhithe, feidhmiú ceart na seirbhísí teicniúla, comhordú níos dlúithe idir údaráis náisiúnta agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha cineálcheadaithe. Ba cheart an córas faireachais margaidh éifeachtúil a bheith bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar phrionsabal measúnaithe riosca.

Tá Poblacht na Seice agus an Laitvia fós criticiúil i dtaobh breisluacha mhaíte mhaoirseacht bhreise an Choimisiúin ar údaráis cineálcheadaithe náisiúnta mar a comhaontaíodh i dtéacs Airteagal 9a a tháinig ó na cruinnithe mullaigh tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa. Ní féidir a mheas go bhfuil an measúnú a dhéanann an Coimisiún ar na húdaráis chineálcheadaithe riachtanach agus comhréireach chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. D'ainneoin sin, le cois maorlathas breise a thabhairt isteach sa chóras, baineann sásra den sórt sin an bonn ó phrionsabail bhunúsacha chóras cineálcheadaithe an Aontais. Cuireann Airteagal 9a isteach ar ghníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta a thagann laistigh d'inniúlacht na mBallstát. Toisc nach bhfuil inniúlachtaí na n-údarás cineálcheadaithe náisiúnta á n-urramú, baintear an bonn ón muinín agus ón meas a thugtar do chóras cineálcheadaithe an Aontais. Ina theannta sin, déanfaidh measúnú den sórt sin an córas meastóireachta piaraí a dhúbláil agus méadófar an t-ualach riarachán suntasach atá ann cheana d'údaráis.

Thairis sin, tá Poblacht na Seice agus an Laitvia den tuairim go bhfuil téacs Airteagal 90 fíorthábhachtach mar leagtar amach ann sásra fíneálacha an Aontais a mbeidh tionchar díreach aige ar mhonaróirí. Dá bhrí sin, ba cheart nós imeachta, modhanna le fíneálacha riaracháin a ríomh agus modhanna lena mbailiú sin, freisin, a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme.